

Scéal, Scéal, Scéal...

Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharráige



Instagram: @pleanteangachoisfharráige
Twitter: @PleanTeangaCF
Facebook: @PleanáilTeangaChoisFharráige

3 NOLLAIG 2020



CISTE IONTAOBHAIS IN ONÓIR MARIA O'HARE

Tá ciste oideachais curtha ar bun ag **Club Foghlaimeoirí Gaeilge Chois Fharráige** i ndilchuímhne ar Mharia, duine de bhunaitheoirí an Chlub. Rachaidh an ciste chun sochar do chúrsa léinn Fhonn O'Hare, mac Mharia. Bhásaigh Maria go tobann le gairid. Tá cuntas ar leith oscailte i gComhar Creidmheasa Cholm Cille in Indreabhán. Is féidir síntiús a thabhairt ar cheann de thrí bhealach: bualadh isteach chuig an gComhar Creidmheasa, nó aistriú bainc a dhéanamh nó glaoch ar an gComhar Creidmheasa @091593421 agus sonraí chárta creidmheasa/dochair a úsáid. Is iad seo sonraí an chuntais:
Aimn: Club Foghlaimeoirí Gaeilge Chois Fharráige Uimhir:10078
BIC: CCHCIE21XXX
IBAN: IE25CCHC9921890258301

COMÓRTAS NA NOLLAG AG MUNTEARAS

Tá comórtas á reáchtáil ag **Muintearas/Oige na Gaeltachta** don Nollaig! Tá aoisghrúpanna ar leith ag baint leis an gcomórtas; 5-8 mbliana, 9-12 agus os cionn 13. Pictiúir a bheadh feiliúnach do chárta Nollaig atá uathu. Is féidir na pictiúir a tharraingt nó a phéinteáil. Ní mór na híomhánna a sheoladh roimh an gCéadaoin 9ú Nollaig ar Facebook, nó ar WhatsApp. Is féidir na sonraí teagmhála do na ceantair éagsúla a fháil ar an leathanach FB: Muintearas Físeáin. Go n-éirí go geal libh!

LEABHAR TOM A' tSEOIGHE SEOLTA

Sheol an t-amhránaí John Beag Ó Flatharta an leabhar agus CD dúbailte **Tom A' tSeoighe Amhráin** de chuid Síle Denvir agus Ciarán Ó Fátharta le gairid ar an gclár Iris Aniar. Cló Iar-Chonnacht a d'fhoilsigh an saothar. Leathchéad amhrán atá ann, cuid acu atá go mór i mbéal an phobail cheana féin, cuid eile nár cloiseadh go fóill. Tá trascriobh ceoil de na foinn, le fonnadóirí a spreagadh chun foghlama agus chun aithrise san áireamh. Tá sé le fáil faoi láthair ó Chló Iar-Chonnacht agus ar líne ag an suíomh: www.cic.ie



AINMNIÚCHÁN ZEBBIE DO SCRÍBHNEOIR AN SPIDÉIL

Comhghairdeachas ó chroí le Sinéad Ní Neachtain, scríbhneoir le Ros na Rún a fuair ainmniúchán le haghaidh gradam bliantúil **Zebbie** - cuallacht Scríbhneoirí na hÉireann. Fuair Sinéad an t-ainmniúchán as mír Oíche Chinn Bliana a scríobh sí anuraidh, i gcatagóir na sraithe leanúnaí sa gcomórtas. Is as Baile Liam sa Spidéal í Sinéad, atá ag obair leis an sobal dhráma ó 2002. Níor bhronnadh an gradam ar Shinéad, faraor, ach tugadh ard-mholadh dá scríbhneoireacht.

COMÓRADH CHOLM CILLE: TÚS CAIBIDLE

Déanfar ceiliúradh ar 1,500 bliain ó bhreith Cholm Cille le linn na bliana seo chugainn. Pearsa an-tábhachtach sa traidisiún Gaelach, in Éirinn agus in Albain é Colm Cille agus tá fíor-thábhacht leis i gceantar Chois Fharráige agus ómós dá réir. Beidh seimineár fíorúil, **Comóradh Cholm Cille: Tús Caibidle**, dírithe ar dhéagóirí go háirithe ar siúl ar an Luan 7 Nollaig 2020 mar thús leis an gceiliúradh. Tabharfaidh Brian Lacey eolas faoi Cholm Cille, pléifidh Seosamh Ó Ceallaigh gnéithe den bhéaloideas faoi Cholm Cille agus beidh ceol ann ó Lárán Ní Néill agus Mairéad Comer. Beidh rang Gaeilge na hAlban ar fáil freisin. Is féidir clárú don imeacht ar líne ag www.eventbrite.com. Fáilte roimh chách.

COMÓRADH CHOLM CILLE: TÚS CAIBIDLE

CARÚIL NOLLAIG Ó CHÓR CHOIS FHARRAIGE

Tá **Carúil Nollaig** dlúthdhiosca ó Chór Chois Fharráige ar fáil sa siopa, nó ar líne ó Chló Iar-Chonnacht ag www.cic.ie. Tá amhráin Nollaig, ó thraidisiún na gcarúl ar fud an hEorpa le cloisteáil ar an dlúthdhiosca álainn seo. Maith sibh a chairde!



IDIR DHÁ MHÚR FOILSITHE AG MAIRÉAD NÍ CHONAOLA

Tá **Idir Dhá Mhúr** leabhar nua filíochta le Mairéad Ní Chonaola foilsithe ag Coiscéim. Is as Doire Choill do Mhairéad. Chaith sí tréimhse dá saol sna mná rialta le Siúracha na Trócaire agus bhíodh sí ag múineadh i Scoil Mhuire sa Spidéal agus i nGaillimh. Seo é an chéad chnuasach filíochta ó pheann Mhairéad. Is féidir an leabhar a cheannach faoi láthair i siopaí Chois Fharraige.



SCANNÁIN GHAELIGE DON NOLLAG

Cé nár éirigh le **Tuismitheoirí na Gaeltachta** An Cinema Gaelach a reáchtáil i mbliana de bharr na paindéime, d'fhógair TG4 go mbeidh go leor scannán Ghaeilge á gcráladh acu i rith na Nollag. Taispeánfar *Happy Feet 2* ar Oíche Nollag chomh maith le *Shrek* agus beidh *The Lego Ninjago Movie* le feiceáil ar Lá Nollag! Tá na sonraí ar fad le fáil ar leathanach Facebook **Tuismitheoirí na Gaeltachta**.



BUNACHAR LÁITHREOIRÍ AG EOLAIRE

Tá **Eolaire** ag tabhairt cuireadh do láithreoirí raidió a bhfuil Gaeilge líofa acu clárú leo. Is craobh den **Oireachtas é Eolaire** a chuireann acmhainní ar fáil do bhainisteoirí i stáisiúin raidió pobail agus tráchtála atá cláraithe leo. Is lárphointe earcaíochta do na stáisiún raidió atá sa tóir ar láithreoirí le Gaeilge líofa é Eolaire agus scaipeann sé eolas faoi stáisiúin agus clár raidió Ghaeilge. Is seirbhís saor in aisce é seo agus ní gá ach do chuid sonraí teagmhála, do CV agus dhá shampla de do chuid oibre a uaslódáil ar líne ag www.aerthonnta.ie/eolaire le clárú. Is anseo a gheofar eolas ginearálta faoin scéim Eolaire chomh maith.



EARRAÍ NA NOLLAG!

Foilsíodh físeán nua '**Stuif na Nollag**' ar ár gcuntas FB le gairid, é curtha le chéile ag an bhfoireann i **Siopa an Phobail**, Indreabhán. Is féidir ciseáin iontacha a fháil don Nollaig – iad réamhdhéanta nó is féidir leo ciseán ar leith a chur i dtoll a chéile ar do shon! Is féidir freisin do thurcaí a ordú ó na buistéirí Máirtín agus Pádraic. Rinne **Brídín Keady** cur i láthair iontach, agus í ag taispeáint na dtairiscintí speisialta agus na táirgí áille atá ar fáil sa siopa don Nollaig.



#CeannaighsaGhaeltacht: má tá táirgí nó seirbhísí á soláthar agatsa, a bheadh feiliúnach don Nollaig, ba bhreá linn cloisteáil uait agus cúnamh a thabhairt duit mar chuid den bhfeachtas '**Stuif na Nollag**'. Is féidir físeán gearr a dhéanamh a d'fhéadfadh muid a scaipeadh ar na meáin shóisialta, nó pictiúr a thógáil a d'fhéadfadh muid a fhoilsiú anseo. Is féidir linn cúnamh a thabhairt le foclaíocht agus dearadh freisin!



FOCLÓIR NA NOLLAG!



Tá íomhánna áille réitithe ag **Gaeilge sa Bhaile** don Nollaig. Cuirtear na híomhánna ar fáil dóibh siúd atá i mbun foghlama, idir óg agus aosta! Is féidir teacht ar na híomhánna ar a gcuntas Facebook: **Gaeilge sa Bhaile**.

Ná déanaigí dearmad, a chairde, más rud é go bhfuil nuaíocht, scéilín nó teachtaireacht ar mhaith libh a scaipeadh i Scéal, Scéal, Scéal, is féidir teagmháil a dhéanamh le Katie @ 083 010 6294 faoi!

CAIFÉ CULTÚIR NA NOLLAG

Beidh **Caifé Cultúir na Nollag** á óstáil ag Glór na nOileán ar an Déardaoin 10 Nollaig. Is é Ciarán Ó Fátharta, an cumadóir agus craoltóir aitheanta, a bheas mar aoichainteoir an babhta seo. Tabharfaidh sé léargas ar a thaithí ag obair sna healaíona agus an nasc láidir atá ag a chuid oibre le cúrsaí cultúrtha. Glacfaidh Ciarán le ceisteanna freisin ón lucht féachana. Imeacht saor in aisce, fíorúil atá ann ach ní mór clárú roimh ré. Déan teagmháil le pleanteangacnn@gmail.com go luath le d'áit a chur in áirithe ann!

